



Mar Eolas do Dhaoine a fhaigheann Pinsean a íoctar trí Phárolla Foireann Scoile arna fheidhmiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

(Is nóta ginearálta eolais an méid seo a leanas agus ní mhaítear gur léirmhíniú beacht é ar na hathruithe sainiúla dá dtagraítear).

Méadú Pinsin le héifeacht ó 1 Deireadh Fómhair 2018 ar phinsin áirithe baill foirne scoile atá ar scor.

Tá méadú faofa ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar chatagóirí áirithe pinsin le héifeacht ó 1 Deireadh Fómhair 2018. Is léiriú é an méadú pinsin ar mhéadú 1% ar phá seirbhíse poiblí a tugadh ón dáta sin do phearsanra atá ag feidhmiú faoi láthair.

Nóta: Go ginearálta, is le buntuarastal amháin a bhain an méadú pá 1% agus níor coigeartaíodh liúntais inphinsin. Dá réir sin, níl aon athrú ar liúntais inphinsin.

Eiseofar an méadú pinsin ar 15 Samhain 2018 le baill áirithe foirne scoile atá ar scor (lena n-áirítear múinteoirí áirithe, CRSanna, Rúnaithe Scoile agus Feighlithe Scoile) a n-íoctar a bpinsin tríd an bPárolla Foireann Scoile arna fheidhmiú ag an Roinn. Maidir le bunús na ndaoine atá i dteideal an mhéadaithe, cuimseofar é san íocaíocht choicisiúil pinsin a eisítear ar an dáta sin, le cois riaráistí ó 1 Deireadh Fómhair 2018 más infheidhme.

Tá an méadú pinsin á fhaomhadh faoin mbeartas méadú pinsin na seirbhíse poiblí ar ghlac an Rialtas leis i leith na tréimhse go deireadh 2020, mar atá leagtha amach i bparagraf 6.2 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 (PSSA) agus ar ritheadh reachtaíocht ina leith faoin Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017.

Go bunúsach, is é atá i gceist leis an mbeartas méadú pinsin, filleadh ar an modh faoi theorainn ama (a chríochnaíonn ag deireadh 2020), faoi iallach coinníollacha, neamhrechtúil, pá-nasctha coigeartú pinsin a bhí i bhfeidhm go dtí tús na héigeandála airgeadais. Ciallaíonn sé, go ginearálta, maidir le méaduithe pá le linn 2018-2020:

- nach n-íocfar iad le **daoine atá ar scor ó roimh Mhárta 2012** ach amháin sa chás nach mó an leibhéal pá ar a bhfuil a bpinsean bunaithe ná leibhéal iarbhír pá baill foirne atá ag feidhmiú sa ghrád céanna agus atá ar an bpointe céanna páscála;
- go gcuirfear iad le pinsin **daoine a chuaigh ar scor ar nó roimh 1 Márta 2012** i mbunús gach cáis.

Chun críocha an mhéadaithe pinsin, tá dhá chatagóir leathana i gceist:

- **Catagóir 1:** Pinsin a bronnadh i leith scor **roimh Mhárta 2012**.

Bronnadh na pinsin seo bunaithe ar rátaí pá a bhí i bhfeidhm roimh laghdú rátaí pá faoi reachtaíocht na mBeart Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI). Bhí an laghdú pá i bhfeidhm ó I Eanáir 2010 ach faoin "tréimhse chairde" a foráladh sa

reachtaíocht FEMPI, ríomhadh sochair scoir státseirbhíseach a chuaigh ar scor a fhad le 29 Feabhra 2012, an dáta sin san áireamh, ar na rátaí roimh 1 Eanáir 2010. Rátaí ab airde.

- **Catagóir 2:** Pinsin a bronnadh i leith scor **ó Mhárta 2012 i leith.** Bronnadh na pinsin seo bunaithe ar rátaí pá laghdaithe a bhí i bhfeidhm i leith pearsanra a bhí ag feidhmiú fós ó 1 Eanáir 2010.

Faoin méadú pinsin ceadaithe seo, ní mhéadaítear pinsin daoine a chuaigh ar scor roimh 1 Márta 2012 (Catagóir 1 thuas). Níl na pinsin seo incháilithe ar mhéadú óir tá an tuarastal a ghabhann leo níos airde ná an tuarastal comhfhreagrach a ioctar (le pearsanra atá ag feidhmiú fós) tráth an mhéadaithe ar 1 Deireadh Fómhair 2018. (Go heisceachtúil, bheadh líon an-teoranta daoine a chuaigh ar scor roimh 1 Márta 2012 agus tuarastal uasráitithe bliantúil acu de thart ar €32,700 incháilithe ar choigeartú beag pinsin).

Tá mionsonraí faoin méadú a cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gclár na Roinne sin, ag an nasc seo a leanas:

<https://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2018/02.pdf>

Aonad na bPinsean
14 Samhain 2018